



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2013

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Eacnamaíocht Talmhaíochta

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

AN ARDTEISTIMÉIREACTH 2013

EACNAMAIÓCHT TALMHAÍOCHTA

GNÁTHLEIBHÉAL

SCÉIM MHARCÁLA AGUS NÓTAÍ TACAÍOCHTA

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála á breithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

CUID I (120 marc)

20 CEIST – 15 CHEIST LE FREAGAIRT.

TÁ NA CEISTEANNA AR FAD AR AON MHARC (8 MARC)

Scéim Mharcála Imlíne

- | | | | |
|-----|---------------------|-----|---------------------|
| 1. | 2 @ 4 marc an ceann | 11. | 8 marc |
| 2. | 2 @ 4 marc an ceann | 12. | 8 marc |
| 3. | 2 @ 4 marc an ceann | 13. | 2 @ 4 marc an ceann |
| 4. | 2 @ 4 marc an ceann | 14. | 2 @ 4 marc an ceann |
| 5. | 8 marc | 15. | 2 @ 4 marc an ceann |
| 6. | 2 @ 4 marc an ceann | 16. | 2 @ 4 marc an ceann |
| 7. | 8 marc | 17. | 2 @ 4 marc an ceann |
| 8. | 8 marc (4 m + 4 m) | 18. | 2 @ 4 marc an ceann |
| 9. | 8 marc (4 m + 4 m) | 19. | 8 marc (4 m + 4 m) |
| 10. | 8 marc | 20. | 8 marc (4 m + 4 m) |

CUID 2(200 marc)

6 CHEIST – 4 CHEIST LE FREAGAIRT AG 50 MARC AN CEANN

- | | | | | |
|----|-----|---|-------------------------|------------------|
| 1. | (a) | (i) Léaráid | 10 marc | |
| | | (ii) Praghas agus cainníocht chothromaíochta | 10 marc (5m + 5m) | |
| | | Míniúchán | 5 mharc | 25 |
| | (b) | Taispeántar athruithe ar an léaráid | 15 mharc (5m + 5m + 5m) | |
| | | Míniúcháin | 10 marc (5m + 5m) | 25 |
| | | | | [50 marc] |
| 2. | (a) | Míniúchán ar chuótaí | 10 marc (5m + 5m) | |
| | | Tagairt do chuótaí bainne/déiríochta | 5 mharc | 15 |
| | (b) | Plé | 15 mharc (5m + 5m + 5m) | 15 |
| | (c) | (i) Ainmneacha eagraíochtaí | 2 @ 5 mharc | |
| | | (ii) Slite a chuireann sí leis an ngeilleagar | 2 @ 5 mharc | 20 |
| | | | | [50 marc] |
| 3. | (a) | Míniúcháin | 20 marc (10m + 5m + 5m) | 20 |
| | (b) | Ionchuir thosca | 10 marc (5m + 5m) | |
| | | Ionchuir idirmheánacha | 10 marc (5m + 5m) | 20 |
| | (c) | Míniúchán | 10 marc (5m + 5m) | 10 |
| | | | | [50 marc] |

4. (a)	Sampla amháin de shócmhainn sheasta	5 mharc	
	Sampla amháin de shócmhainn reatha	5 mharc	
	Sampla amháin d'fhiachas fadtréimhseach	5 mharc	
	Sampla amháin d'fhiachas reatha	5 mharc	20
(b)	An glanfhiúchas a ríomh	10 marc	
	Míniúchán ar an nglanfhiúchas	5 mharc	15
(c)	An cóimheas leachtachta a ríomh	10 marc	
	Míniúchán ar an gcóimheas leachtachta	5 mharc	15
			[50 marc]

5. (a)	(i) Míniúchán ar leibhéal an ioncaim feirme	10 marc (5m + 5m)	
	(ii) Míniúchán ar luaineacht an ioncaim feirme	10 marc (5m + 5m)	20
(b)	(i) Míniúchán do 2010-2011	15 mharc (10m + 5 m)	
	(ii) Míniúchán do 2012	15 mharc (10m + 5 m)	30
			[50 marc]

6. (a)	(i) Míniúchán ar Aoníocaíocht Feirme	10 marc (5m + 5 m)	
	(ii) Cúis a bhfuil an Aoníocaíocht Feirme ann	10 marc (5m + 5m)	20
(b)	Dhá ghrúpa sainleasa	2 @ 5 mharc	10
(c)	Ceithre shlí a mbíonn tionchar aige ar pholasaí	4 @ 5 mharc	20
			[50 marc]

EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA 2013

GNÁTHLEIBHÉAL

NÓTAÍ TACAÍOCHTA

Freagair **cúig** cheist **déag**.

Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc

1. **Luaigh dhá thoisic a chuirfeadh tomhaltóir san áireamh agus é/í ag ceannach táirgí bia talmhaíochta:**

- Pragas
- Ioncam
- Cáilíocht
- Fáil ar earraí ionaid.

2. **Cuir ciorcal thart ar na focail chearta san abairt seo.**

Deir Dlí Engel go dtiteann an chomhréir d'ioncam daoine a chaitear ar bhia de réir mar a mhéadaíonn an t-ioncam le himeacht aimsire.

3. **Luaigh sampla amháin de cháin dhíreach agus sampla amháin de cháin indíreach a mbeifí ag súil leis go n-íofadh feirmeoir mór déiríochta iad i mbliain thipiciúil dá mbeadh 100 bó bhainne aige:**

(i) Sampla de cháin dhíreach: Cáin ioncaim, cáin bhrabúis, nó cáin ghnóthachan caipitiúil

(ii) Sampla de cháin indíreach: CBL, Dleacht mháil, Cáin mhaoine nó Dleacht chustaim.

4. **Luaigh dhá thoisic a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar sholáthar an mhargaidh de chruithneacht i mbliain áirithe:**

- Pragas cruithneachta
- Pragas ionchur
- Teicneolaíocht na táirgeachta cruithneachta
- Pragas earraí ionaid (eorna)
- Pragas earraí comhlántacha (plúr)
- Tosca aimsire

5. **Cuir in iúl cé acu ceann de na ráitis seo a leanas atá ceart:**

Nuair a athraíonn cuar éileamh an mhargaidh ar phrátaí ar dheis, ciallaíonn sé:

A. Go bhfuil éileamh ar níos mó prátaí ar mhargadhpragas áirithe.

6. Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil sé tábhachtach d'fheirmeoir cuntais feirme a choinneáil:

- Brabús nó cailteanas ar an bhfeirm a fháil amach
- Bunfhaisnéis le haghaidh pleananna amach anseo a dhéanamh
- Bonn le haghaidh iasachtaí bairc agus cistí eile a aimsiú don fheirm
- Na sonraí a chur ar fáil chun cáin ioncaim ón bhfeirm a ríomh
- Slí chun dul chun cinn na feirme a sheiceáil in aghaidh pleananna

7. De réir an Bheochláir i nDeireadh Fómhair 2012, bhí timpeall an líon seo daoine dífhostaithe in Éirinn: [cuir tic (✓) i gceann amháin de na boscaí seo a leanas]

- (i) 300,000 (ii) 420,000 (iii) 580,000

8. Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a bhféadfadh difear a bheith idir an t-ioncam ó fheirm theaghlaigh agus ioncam an teaghlaigh feirme.

- Post eisfeirme an fheirmeora agus daoine eile a oibríonn ar an bhfeirm
- Post eisfeirme ball eile den teaghlach
- Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh e.g. pinsin, liúntas leanaí
- Foinsí eile ioncaim e.g. díbhinní ar infheistíochtaí, cíosanna ó réadmhaoine

9. Mínigh cén fáth a bhféadfaí amharc ar fheirmeoir mar dhuine atá 'saibhir ó thaobh sócmhainní de agus bocht ó thaobh ioncaim de'.

Is féidir le feirmeoirí cuid mhaith talún, foirgneamh, beostoic (sócmhainní) a bheith acu a bhféadfadh luach ard díola a bheith acu má dhíoltar iad. Mar gheall ar chúiseanna éagsúla, áfach, e.g. cúngach costais le praghas, drochtháirgiúlacht, etc., is féidir leis an mbrabús iarbhír (ioncam) a dhéanann an feirmeoir a bheith an-íseal agus diúltach corruair in ainneoin luach na sócmhainní

10. Tabhair breac-chuntas ar shampla amháin den chaoi a bhféadfadh feirmeoir, a bhfuil beostoc meastha (ba, eallach agus caoirigh) aige, éagsúlú a dhéanamh ar an bhfeirm.

- Barra fuinnimh
- Fia
- Ostrais
- Alpaca etc.
- Curaíocht (má tá an talamh oiriúnach)
- Torthaí agus glasraí (má tá an talamh oiriúnach)
- Táirgeacht phríomhúil talmhaíochta ainmnithe eile:
- Baint gainimh agus gairbhéil
- Cóiríocht feirme / turasóireacht,
- Táirgeadh cáise / ime / iógairt
- Gníomhaíocht feirm-bhunaithe ainmnithe eile nach mbaineann le táirgeacht phríomhúil

11. Ba é líon na mbó déiríochta in Éirinn i Meitheamh 2012 ná: [cuir tic (✓) i gceann amháin de na boscaí seo a leanas]

(i) 1.12 milliún

(ii) 2.11 milliún

(iii) 21.1 milliún

12. Sa lá atá inniu ann i ngeilleagar tipiciúil de chuid an iarthair, cén céatadán, a bheag nó a mhór, den OTI (GDP) í an táirgeacht talmhaíochta?

[Cuir tic (✓) i gceann amháin de na boscaí seo.]

(i) 33%

(ii) 13%


(iii) 3%

13. Luaigh dhá chúis leis an méadú ginearálta ar phraghsanna bia le roinnt blianta anuas:

- Triomach i limistéir tháirgthe
- Cogáí i limistéir tháirgthe
- Daonraí ag ardú
- Leibhéal ioncaim ag ardú
- Atreorú na húsáide talún agus na táirgeachta talmhaíochta go húsáidí neamhbhia e.g. arbhar d'eatánól, barra fuinnimh

14. Glac leis gurb é + 0.6 ioncamleasteachas an éilimh (YED) ar cháis. Ciallaíonn sé sin go dtiocfadh méadú 6 % ar chainníocht na cáise a d'éileofaí dá dtiocfadh méadú 10% ar an ioncam.


15. Líon isteach an dá bhosca fholmha, A agus B, sa léaráid ina léirítear córas margaidh simplí.



16. Luaigh **dhá** chuspóir de chuid an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP) mar atá leagtha amach in Airteagal 39 de Chonradh na Róimhe:

- Táirgiúlacht talmhaíochta a ardú
- Caighdeán cóir maireachtála d'fheirmeoirí
- Margáí cobhsaí
- Soláthairtí rialta
- Praghsanna réasúnta bia do thomhaltóirí

17. Líon isteach A agus B thíos chun biashlabhra an tsoláthair cháise a chomhlánú:



A = Táirgeacht talmhaíochta i.e. bainne

B = Dáileadh

18. Is féidir le feirmeoirí caipiteal a chruinniú ó fhoinsí difriúla. Luaigh **dhá** cheann de na foinsí seo:

- A n-acmhainní féin: brabús coinnithe
- A n-acmhainní féin: coigiltí teaghlaigh
- Creidmheas i.e. iasachtaí fadtéarmacha
- Deontais/fóirdheontais Rialtais

19. Míneigh cén fáth a mbíonn cuar an éilimh ar tháirgeacht bhainne an ghnáthfheirmeora déiríochta in Éirinn cothrománach.

Tá táirgeacht an fheirmeora an-bheag i gcoibhneas le táirgeadh an tionscail agus is ionann a bhainne agus bainne feirmeoirí eile. Dá bhrí sin, ní féidir leis tionchar a imirt ar an margadhphraghas do bhainne. Is féidir leis cibé méid is mian leis a tháirgeadh agus ní imreoidh sé tionchar ar mhargadhphraghas an bhainne.

20. Míneigh cén fáth ar chóir go mbeadh sé ina bhuntáiste d'easpórtálacha agraibhia as Éirinn go dtí an Ríocht Aontaithe luach an euro i gcoinne an phuint steirling a bheith ag titim.

Bheadh titim ar phraghas na dtáirgí agraibhia as Éirinn i gcomparáid leis an gcineál céanna táirgí as an Ríocht Aontaithe. Ba cheart go mbeadh sé seo ina chúis le méadú ar éileamh sa Ríocht Aontaithe ar tháirgí as Éirinn agus le táirgeacht mhéadaithe agus brabús méadaithe in Éirinn.

CUID 2 (200 marc)

CEIST 1


Sa tábla thíos taispeántar sceidil soláthair agus éilimh an ime ar mhargadh áirithe.

Praghas (€ an tona)	Cainníocht á soláthar (ina milliún tona)	Cainníocht á héileamh (ina milliún tona)
3,000	15	45
4,000	20	35
5,000	25	25
6,000	30	15
7,000	35	5

(a) Ag baint úsáide as na sonraí sa tábla duit:

- (i) **Tarraing léaráid chothromaíochta an mhargaidh agus lipéadaigh an dá ais chomh maith le cuar an Éilimh agus le cuar an tSoláthair.**

Léaráid:



- (ii) **Taispeáin praghas agus cainníocht chothromaíochta an mhargaidh agus mínigh céard a chiallaíonn an chothromaíocht seo.**


Pe (Praghas cothromaíochta) - €5,000

Qe (Cainníocht chothromaíochta) = 25 milliún tona

Ag an gcothromaíocht, soláthar = éileamh. Níl aon chúis le hathrú ar phraghas ná ar chainníocht mura bhfuil athrú ar shuíomh an chuais sholáthair agus/nó an chuais éilimh.

- (b) Tarraing cuar nua soláthair i do léaráid a thaispeánfaidh titim an tsoláthair. Tiocfaidh cothromaíocht nua chun cinn agus ba chóir go mbeadh sí a bheith éagsúil leis an gcothromaíocht ar chuir tú síos uirthi i gcuid (a) (ii) thuas. Mínigh cén chomparáid atá idir an praghas nua cothromaíochta seo agus an chainníocht nua chothromaíochta, agus na cinn bhunaidh.

[Ní gá don dalta an dara léaráid a tharraingt]



Léaráid:

Aistriú ar chlé sa Chuar Soláthair ar an léaráid

Praghas cothromaíochta nua agus níos airde ar an léaráid

Cainníocht chothromaíochta nua agus níos lú ar an léaráid

Plé:

Aistríonn an cuar soláthair ar chlé mar gheall ar thitim an tsoláthair i.e. laghdú ar sholáthar. Tagann ró-éileamh sealadach aníos ag an mbunphraghas cothromaíochta. Brúnn sé seo ardú ar an bpraghas agus ardaíonn an Qs (Cainníocht á soláthar). Titeann Qd (Cainníocht á héileamh) (gluaiseacht suas an cuar éilimh) go dtí go bhfuil Soláthar agus Éileamh cothrom lena chéile athuair ach ag cainníocht chothromaíochta níos ísle.

Achoimre: Laghdú ar S (Soláthar) \rightarrow \uparrow Pe (Cothromaíocht phraghais) agus \downarrow Qe (Cothromaíocht chainníochta).

CEIST 2

2. (a) **Mínigh an téarma ‘Córas Cuótaí’ i gcúrsaí talmhaíochta na hÉireann agus luaigh cén earnáil de thalmhaíocht na hÉireann a raibh tionchar díreach ag córas na gcúótaí uirthi.**

Bíonn feirmeoirí srianta maidir leis an uasmhéid aschuir is féidir a dhíol ar an margadh. Ghearrfadh an tAontas Eorpach pionóis throma ar fheirmeoirí as rótháirgeacht. D’fhonn pionóis agus an costas a bhaineann le haschur a tháirgeadh nach féidir a dhíol a sheachaint, féachann feirmeoirí lena n-aschur a choinneáil faoi smacht agus laistigh dá gcúóta táirgeachta leithdháilte. D’fhéadfadh go mbeadh ar fheirmeoirí ar mhaith leo táirgeacht a mhéadú cuóta a cheannach ó fheirmeoir eile.

Sampla soiléir in Éirinn is ea an cuóta bainne (i bhfeidhm ón mbliain 1984).

- (b) **Tabhair breac-chuntas ar céard is dóigh leat a tharlóidh i gcúrsaí talmhaíochta na hÉireann nuair a chuirfear deireadh le córas na gcúótaí in 2015.**

Táthar ag coinne go méadóidh feirmeoirí déiríochta táirgeacht go suntasach ó 2015. Táthar ag coinne go mbeidh an t-íosmhéadú foriomlán ar tháirgeacht náisiúnta bainne cothrom le 20%. Is dóigh do roinnt feirmeoirí beaga scor de dhéiríocht de réir mar a éiríonn sí níos iomaíche. Tá roinnt feirmeoirí ag ullmhú chun a n-aschur bainne a dhúbailt. Ba chóir go mbeadh níos mó post i bpróiseáil déiríochta mar gheall air sin. Tá margaí ar fáil do tháirgí bainne, lena n-áirítear cáiseanna, comhábhair bhia agus púdar bainne do naíonáin, go háirithe don tSín.

- (c) **Tá níos mó ná an fheirmeoireacht i gceist le hearnáil agraibhia na hÉireann.**

- (i) **Luaigh dhá chomhlacht nó eagraíocht atá rannpháirteach in earnáil an agraibhia.**

Glanbia, Dairygold, Kerry Group, Slaney Meats, Greencore.

- (ii) **Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a gcuireann earnáil an agraibhia le geilleagar na hÉireann.**

Ár dtionscal dúchasach is tábhachtaí / an-dírithe ar earraí easpórtála / lárnach sa gheilleagar tuaithe

Soláthraíonn sí Fostaíocht:

[140,000 (80,000 i dtáirgeacht phríomhúil, 60,000 i bpróiseáil bia) nó 8% den fhostaíocht náisiúnta]

Cuireann sé méid beag ach méid tábhachtach agus cobhsaí leis an aschur náisiúnta:


[Táirgeacht phríomhúil = 2.5% den aschur náisiúnta (OTI), Agraibhia = 7% d’OTI]

Earraí easpórtála:

[Agraibhia = 10.5% d’earraí easpórtála iomlána (mar go bhfuil an earnáil faoi úinéireacht Éireannach den chuid is mó agus mar go bhfuil an t-ábhar iompórtála cé is moite d’fhuinneamh in aschur agraibhia íseal, tá na glan-earraí easpórtála as an earnáil freagrach as 20 - 25% de ghlan-earraí easpórtála náisiúnta.)]

CEIST 3

Taispeánann an cháirt thíos an cuar lántáirgeachta [CLT] (TPC i mBéarla) a léiríonn an coibhneas idir an táirgeadh de Bharr Y ina chileagram in aghaidh an heicteáir agus Leasachán X ina chileagram in aghaidh an mhéadair chearnaigh (ionchur) ar fheirm Sheáin.



- (a) **Mínigh an ghluaiseacht ó phointe A go pointe B sa léaráid thuas.**

Nuair a thagann méadú de kg amháin in aghaidh an mhéadair chearnaigh ar an úsáid a bhaintear as ionchur X, tagann méadú de 100 kg/ha ar an aschur de Bharr Y. Is é sin le rá, is é 100 kg/ha an táirge imeallach den 7ú haonad d'ionchur X a mbaintear úsáid as. Toimhdimid go ndéantar an úsáid a bhaintear as gach ionchur eile a choinneáil seasmhach.

- (b) **Is féidir ionchuir a rangú mar *ionchuir thosca* agus mar *ionchuir idirmheánacha*. Déan idirdhealú idir an dá chineál ionchuir seo agus tabhair sampla amháin de gach ceann acu i gcomhthéacs feirmeoireachta.**

Meastar ionchuir thosca a bheith ar na buntosca táirgeachta a úsáidtear sa tionscal, bídis faoi úinéireacht nó ceannaithe e.g. talamh, saothar, caipiteal, fiontar/bainistíocht.

Is iad ionchuir inmheánacha na táirgí ó thionscail eile a mbaintear úsáid astu san fheirmeoireacht e.g. ábhair agus seirbhísí amhail leasacháin, fuinneamh, cosaint na mbarr, seirbhísí tréidlia, bia-ábhair.

- (c) **Cuir in iúl céard a tharlódh don CLT dá bhfásfadh an feirmeoir, Seán, cineál eile de Bharr Y a mbeadh táirgeadh níos mó le fáil uaidh. Mínigh do fhreagra.**

Feabhsaíonn táirgiúlacht Bharr Y agus aistríonn an CLT suas. Is é sin le rá, is airde an t-aschur de Bharr Y ag gach leibhéal úsáide d'ionchur X.

CEIST 4

Tógadh na sonraí seo a leanas as Clár Comhardaithe Shiobhán, feirmeoir, ar 31 Nollaig 2012.

Sócmhainní (€'000)		Fiachais (€'000)	
Sócmhainní Seasta	500	Fiachais Fhadtréimhseacha	150
Sócmhainní Reatha	200	Fiachais Reatha	150
Comhdhéanta de:			
<i>Sócmhainní Leachtacha</i>	?		
<i>Sócmhainní Neamhleachtacha</i>	50	Glanfhiúchas	?
Iomlán na Sócmhainní	700	Iomlán na bhFiachas	700

(a) Luaigh sampla amháin de gach ceann díobh seo a leanas:

- (i) Sócmhainn sheasta (ii) Sócmhainn reatha
(iii) Fiachas fadtréimhseach (iv) Fiachas reatha.

Sócmhainní Seasta: Talamh, foirgnimh, innealra, beostoc síolraíochta

Sócmhainní reatha: Beostoc trádála, síol, beatha, leasacháin, airgead tirim, féichiúnaithe

Fiachais fhadtréimhseacha: Iasachtaí bainc gan íoc le haghaidh infheistíocht fhadtréimhseach (talamh, foirgnimh, innealra, stoc síolraíochta)

Fiachais reatha: Rótharraingt bhainc, féichiúnaithe trádála.

(b) **Ríomh glanfhiúchas fheirm Shiobhán (taispeáin do chuid oibre) agus mínigh an figiúr seo.**

Glanfhiúchas = Sócmhainní iomlána lúide fiachais fhadtréimhseacha agus fiachais reatha, i.e. €700,000 - €150,000 - €150,000 = €400,000.

Is ionann luach an chaipitil shealbhaithe nó an chothromais shealbhaithe atá ag Siobhán agus €400,000. Dá ndíolfadh sí a sócmhainní go léir agus dá n-íocfadh sí a fiachais go léir, is é an glanfhiúchas an méid airgid a bheadh aici de réir an chláir chomhardaithe.


(c) **Ríomh cóimheas leachtachta fheirm Shiobhán (taispeáin do chuid oibre). Céard a chiallaíonn an figiúr seo agus an gceapfá go bhfuil an figiúr a ríomh tú sásúil?**

Cóimheas Leachtachta = Sócmhainní leachtacha: fiachais reatha
i.e. €150,000 : €150,000 = 1:1

Tá an figiúr inghlactha (is ar éigean atá go leor sócmhainní ag Siobhán lena dtiontú go hairgead tirim sa chás go gcuireann a creidiúnaithe gearrthréimhseacha brú uirthi íocaíocht a dhéanamh)

CEIST 5

Léiríonn an graf thíos an meánioncam bliantúil ó fheirm theaghlaigh agus meántuilleamh oibrí in earnáil na tionsclaíochta gach bliain ó 2004 go 2012.



(a) Bunaithe ar an ngraf thuas, mínigh go hachomair an chomparáid idir an meánioncam ó fheirm theaghlaigh agus meántuilleamh oibrí tionsclaíochta le linn na tréimhse ina iomláine i dtéarmaí:

- (i) Leibhéal an ioncaim
- (ii) Luaineacht an ioncaim bhliantúil.

- (i) De ghnáth, is ionann ioncaim feirme agus níos lú ar an meán ná 50% de mheántuilleamh oibríthe tionsclaíochta thar an tréimhse.
- (ii) De ghnáth, méadaíonn tuilleamh tionsclaíoch de réir a chéile nó fanann sé cobhsaí, a bheag nó a mhór. Is luaineach atá ioncaim feirme e.g. an méid is ísle de €12,000 in 2009 agus an méid is airde de €24,500 in 2011.

(b) Tabhair breac-chuntas ar na tosca a mhíníonn iad seo:

- (i) An méadú ar ioncaim feirme in 2010/11
- (ii) An laghdú ar ioncaim feirme in 2012.

- (i) **2010-2011:** Téarnamh na táirgeachta iarbhír tar éis na drochaimsire i samhradh na bliana 2009 a chuaigh i bhfeidhm ar tháirgiúlacht beostoic agus barra, agus a d'fhág costais na beatha níos airde d'fheirmeoirí beostoic in 2009. Bhí méadú ar phraghsanna aschuir dhéiríochta agus churaíochta in 2010 agus fuair feirmeoirí tuilleadh méaduithe móra ar na praghsanna a fuair siad ar bhainne, ar eallach agus ar chaoirigh in 2011.
- (ii) **2012:** Chuaigh drochaimsir an tsamhraidh i bhfeidhm ar tháirgeadh bainne agus ar tháirgeadh na mbarr. Bhí ar fheirmeoirí beatha a cheannach i rith an tsamhraidh. Bhí praghsanna bainne go háirithe níos ísle ná in 2011 freisin.

CEIST 6

6. (a) (i) **Mínigh an téarma ‘Aoníocaíocht Feirme’ mar a fheidhmíonn sí faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CAP).**

Is é an **Aoníocaíocht Feirme** an íocaíocht fhoriomlán amháin a dhéantar le feirmeoirí ar bhonn in aghaidh an heicteáir ón mbliain 2003 i leith faoi athchóiriú ar CAP (an Comhbheartas Talmhaíochta) agus oibleagáidí WTO. Níl an íocaíocht ceangailte leis (i.e. díchúpláilte as) an leibhéal reatha táirgeachta ar an bhfeirm. Íoctar í ón gComhbheartas Talmhaíochta tríd an Roinn Talmhaíochta. Tá sí bunaithe ar mheáníocaíochtaí bliantúla an Comhbheartais Talmhaíochta de chineálacha éagsúla a fuair an feirmeoir sna blianta tagartha 2000, 2001 agus 2002.

- (ii) **Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a bhfuil an Aoníocaíocht Feirme ann.**

- Liúntas tacaíochta ioncaim d’fheirmeoirí
- Coinníonn sí gníomhaíocht gheilleagrach sa gheilleagar tuaithe
- Cúiteamh as titim ionchasach ar phraghsanna aschuir nuair a tugadh an córas nua isteach
- Coinníonn sí talamh i ndea-riocht talmhaíochta
- Traschomhlíonadh caighdeán comhshaoil

- (b) **Luaigh dhá ghrúpa stocaireachta nó sainleasa a fheidhmíonn ar son fheirmeoirí na hÉireann.**

Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA), Cumann Soláthraithe Bainne Uachtarlainne na hÉireann (ICMSA), Macra na Feirme

- (c) **Roghnaigh ceann amháin de na grúpaí atá luaite agat in (b) thuas agus tabhair breac chuntas ar cheithre shlí a mbíonn tionchar ag an ngrúpa sin ar pholasaí talmhaíochta thar ceann a chuid ball.**

- Athruithe polasaithe i dtalmhaíocht a mholadh agus tacú leo
- Polasaí atá ann cheana a cháineadh agus agóid a dhéanamh ina aghaidh
- Stocaireacht a dhéanamh ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus an AE ar son a mball
- Dul i mbun feachtais chaidreamh poiblí ar son a mball
- Aighneachtaí ar pholasaí náisiúnta a dhéanamh, go háirithe maidir leis an mBuiséad bliantúil
- Faisnéis agus cruinnithe a chur ar fáil dá mball nuair a bhíonn polasaí nua ag teacht, e.g. athchóiriú ar CAP.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

